ISSN 1831-9505

An Coimisiún Eorpach



# Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014

## Achoimre Fheidhmeach

*Eoraip shóisialta*

# Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014

## Achoimre Fheidhmeach

**An Coimisiún Eorpach**
An Ardstiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú
Aonad B.1

Lámhscríbhinn curtha i gcrích i mí Feabhra 2015

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraf clúdaigh: iStockphoto

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

*Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach.*

**Uimhir shaorghlao** (*):

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2014

ISBN 978-92-79-43284-2

ISSN 1831-9505

doi:10.2767/56976

© An Aontas Eorpach, 2015

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

# Brollach ón gCoimisinéir



© Aontas Eorpach

Is féidir an Eoraip a fhorbairt ar thaithí fhada shaibhir an idirphlé shóisialta. Cuidíonn idirphlé sóisialta éifeachtúil leis an ngeilleagar, le hearnálacha agus le cuideachtaí athrú a réamh-mheas, déileáil níos fearr le suaitheadh agus téarnamh níos gaiste. Mar a bhí sna blianta roimhe seo, tá an fíorasc sa *Chaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014* gan athbhrí: tá na tíortha ina bhfuil institiúidí láidre idirphlé shóisialta i measc na ngeilleagar is fearr a fheidhmíonn agus is iomaíche in AE, le staid shóisialta níos fearr agus níos athléimní. Is féidir le comhpháirtithe sóisialta réitigh bheartais chothromaithe agus shaincheaptha mar fhreagairt d'fhorbairtí casta socheacnamaíocha a shainaithint.

Taispeánann *Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014* chomh maith gur buaileadh buille ar an idirphlé sóisialta faoin ngéarchéim, go háirithe i gcéimeanna deireanacha an chúlaithe. Cé gur chuidigh struchtúir láidre idirphlé shóisialta le roinnt Ballstát seasamh in aghaidh na géarchéime, tharla athruithe sna córais chómhargála i mBallstáit eile agus tá siad fós níos laige agus níos ilroinnte.

I roinnt cásanna, lena n áirítear sna Ballstáit is measa atá buailte leis an ngéarchéim, spreag an ghéarchéim eacnamaíoch luathú treochtaí a bhí ann roimhe, amhail an meath sa chumhdach cómhargála agus an t aistriú chuig cómhargáil níos díláraithe.

Agus neamhchinnteacht eacnamaíoch os a gcomhair tá sé níos deacra ag fostóirí agus ag oibrithe aontú ar an meascán beartas ceart nó ar na hathchóirithe riachtanacha. Sa chás go raibh easpa comhdhearcaidh ann, rinne rialtais agus údaráis phoiblí cinntí iltaobhacha gan tacaíocht comhpháirtithe sóisialta ní ba mhinice.

Tá an Eoraip ag téarnamh agus táthar ag súil go bhfásfaidh gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh arís in 2015. Tá éifeachtaí dearfacha an choir chun feabhais le réadú fós i ngnáthshaolta a lán saoránach Eorpach. Áirítear orthu siúd grúpa mór daoine óga atá ar bís le gairm a thosú.

Chun téarnamh bríomhar agus inbhuanaithe, ina gcothaítear cruthú post ardchaighdeáin a chinntiú, ní mór don Eoraip iomaíochas agus cothroime a geilleagair margaidh shóisialta a neartú. Chun é sin a dhéanamh beidh gá iarracht mharthanach agus chomhordaithe a dhéanamh ar gach leibhéal. Tá ról ríthábhachtach le himirt ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le clár oibre úr an Choimisiúin um poist, fás, cothroime agus athrú daonlathach. Dá bhrí sin tá sé riachtanach go dtabharfaí tuinseamh úr don idirphlé sóisialta, agus meas á thabhairt do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

Le go n-éireoidh leis an Aontas Eorpach agus le Ballstáit maidir leis an dúshlán fáis agus tuilleadh post a chruthú tá gá le comhdhearcadh leathan ar an meascán beartas ceart agus ar an tacaíocht chun athchóirithe struchtúracha a chur i bhfeidhm, lena dteastaíonn tacaíocht ó gach geallsealbhóir, is iad sin na comhpháirtithe sóisialta. Mar atá léirithe i Suirbhé Bliantúil Fáis 2015, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall a chinntiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta dlúth-rannpháirteach i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm na n athchóirithe ar chreat an tSeimeastair Eorpaigh.

Is é sin an fáth gur cheart dóthain acmhainní agus tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt acmhainne, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil na córais chómhargála is measa atá buailte leis an ngéarchéim. Tá sé mar aidhm ag an *gCaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014* cur leis an díospóireacht trí fhianaise láidir agus anailís ar chomhchaidreamh oibre san Aontas Eorpach a chur ar fáil.

Tá a fhios againn chomh maith go mbíonn ionadaithe oibrithe agus fostóirí ar bharr a n éifeachtúlachta nuair a thugann siad a n eolas bunaithe ar thaithí phearsanta maidir leis an ngeilleagar agus an margadh saothair le chéile. Is é sin an fáth go bhfuil rannpháirtíocht níos leithne na gcomhpháirtithe sóisialta i gcláir oibre beartais éagsúla tábhachtach, ionas go bhforbrófar freagairtí imleora do na príomhdhúshláin atá le sárú ag an Eoraip. Soláthraítear samplaí nithiúla sa Chaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014 maidir le tairbhe na gcomhbheart ag comhpháirtithe sóisialta, amhail tionscnaimh chun fostaíocht i measc na n óg a chur chun cinn.

Táimid ag súil le dul ar bord leis na ceardchumainn Eorpacha agus náisiúnta agus eagraíochtaí fostóirí chun dul i ngleic le dúshláin shocheacnamaíocha phráinneacha na hEorpa. Agus é sin á dhéanamh, is féidir linn céim shuntasach ar aghaidh a ghlacadh le chéile agus geilleagar margaidh shóisialta na hEorpa a neartú.



**Marianne Thyssen**
An Coimisinéir um Fhostaíocht,
Gnóthaí Sóisialta,
Scileanna agus Soghluaisteacht Oibrithe

# Achoimre fheidhmeach: Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014

Gach dhá bhliain cuireann seirbhísí Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht an Choimisiúin eagrán den Chaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip i láthair, ina soláthraítear forbhreathnú ar na mórthreochtaí agus na mórfhorbairtí sa chomhchaidreamh idir oibrithe, fostóirí agus a nionadaithe faoi seach, lena n-áirítear an diminsean trípháirteach sa chás go mbíonn údaráis phoiblí ar leibhéil éagsúla rannpháirteach. Tá eagrán 2014 ar an ochtú ceann sa tsraith.

Tá córas caidrimh thionsclaíoch bunaithe ar idirphlé sóisialta ina chloch choirnéil i ngeilleagar margaidh shóisialta iomaíoch a spreagann samhail shóisialta na hEorpa. Baineadh de thátal as an gCaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2012 gur chuir tionchar na géarchéime fiachais cheannasaigh agus an comhdhlúthú buiséad ar a rabhthas sa tóir i raon leathan tíortha Eorpacha an tidirphlé sóisialta faoi strus ar bhealaí éagsúla. Athdhearbhaítear an tátal san eagrán seo go leanann an caidreamh tionsclaíoch san Eoraip ag athrú, ach ardaítear an cheist ann chomh maith faoi cad iad na hathruithe atá sealadach agus cad iad na cinn ar dócha iad a bheith buan. Níltear iomlán cinnte go fóill faoi cén cineál idirphlé shóisialta a bheidh ann i ndiaidh na géarchéime. Tá uair na cinniúna buailte ar an gcaidreamh tionsclaíoch san Eoraip.

Faoi mar a aithnítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, múnlaíonn éagsúlacht na gcóras náisiúnta an córas um chaidreamh tionsclaíoch in AE. Níl a leithéid de rud ann agus “samhail” ardchéimiúil caidrimh thionsclaíoch lena leagfaí síos an caighdeán do na Ballstáit ar fad. Tá a lán de na hathruithe a tharla le linn na géarchéime ina gcuid de na treochtaí fadtéarmacha sa chaidreamh tionsclaíoch mar fhreagairt do thimpeallacht shocheacnamaíoch atá ag athrú go gasta. Áirítear ar na hathruithe sin meath mall ach seasta i gcéatadán na noibrithe a ndéantar a bpánna a shocrú trí chómhargáil faoi phá, agus dílárú struchtúir mhargála ó idirbheartaíocht ilfhostóirí náisiúnta nó earnála go gnólachtaí nó ionaid oibre aonair.

Bhí tionchar trom ag cur i gcrích an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)i ndeireadh na 1990í ar mhargaí shaothair agus ar chórais caidrimh thionsclaíoch in AE. Faoi bheartas airgeadaíochta comhaontaithe, d’éirigh margaí saothair tábhachtach mar chainéal um choigeartú do shuaitheadh neamhshiméadrach i limistéar an euro. Tá fianaise ann go raibh ullmhúcháin maidir le ceanglais AEA (“critéir Maastricht”) ina mórfhachtóir i dteacht chun cinn na gcomhaontuithe sóisialta idir na comhpháirtithe sóisialta agus rialtais i gcuid mhór de Bhallstáit AE, cuid díobh (m.sh. an Phortaingéil, an Spáinn, Éire agus an Iodáil) nach raibh traidisiún corparáideachas margáilte dá leithéid acu.

Mar sin féin, a luaithe is a bhí AEA i bhfeidhm, agus go dtí an ghéarchéim is déanaí, lean athruithe ar chórais náisiúnta caidrimh thionsclaíoch patrún a bhain go sonrach le tír faoi leith fós, agus ba iad traidisiúin agus cleachtais gach tíre san idirphlé sóisialta agus an geilleagar domhanda a bhí ag athrú ba mhó a bhí taobh thiar de sin. I bhformhór na gcásanna, thug an próiseas um athrú go leor ama agus scóipe do rannpháirtithe san idirphlé sóisialta le hoiriúnú de réir a chéile don chomhthéacs socheacnamaíoch agus institiúideach a bhí ag athrú. I roinnt tíortha, rinne na comhpháirtithe sóisialta dílárú na cómhargála a láimhseáil trí mheicníochtaí comhordaithe a bhunú idir leibhéal cuideachta agus earnála.

Sa ghéarchéim le déanaí, nochtadh fabhtanna i mbundearaidh AEA a mhíníonn i bpáirt - cé nárbh iad ba chúis leis an ngéarchéim — diantionchar an tsuaite sheachtraigh ar a lán de Bhallstáit AE. Bhrostaigh an ghéarchéim briseadh i luas agus déine na nathruithe sa chaidreamh tionsclaíoch chomh maith, de réir mar a d’éirigh srianta níos tábhachtaí agus mar a d’éirigh an gá le hathrú tapa sna coinníollacha creata a chur chun cinn chun borradh a chur faoi fhás féideartha níos práinní. I gcomparáid leis na blianta roimh an ngéarchéim, tá athrú tagtha ar an gcaidreamh tionsclaíoch ar bhealaí éagsúla, níos gaiste agus níos minice.

Thug an tAontas Eorpach pacáiste cuimsitheach beart isteach chun feabhas a chur ar an rialachas eacnamaíoch Eorpach agus comhordú beartais eacnamaíochta, buiséid agus fostaíochta a neartú ar fud na mBallstát ar fad. Oibríonn an Seimeastar Eorpach ar mhodh ciorclach ag tosú leis an Suirbhé Bliantúil Fáis, ag leagan amach beartais eacnamaíocha leathana an Aontais Eorpaigh, na cláir náisiúnta athchóirithe arna gcur i láthair ag na Ballstáit, moltaí an Choimisiúin chuig an gComhairle maidir le moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith, measúnú an Choimisiúin maidir leis na bearta a rinneadh ar leibhéal náisiúnta mar fhreagairt do na moltaí sin lena náirítear trí thuairimí an Choimisiúin ar dhréachtphleananna buiséid. D’imir an creat úr rialachais tionchar ar an idirphlé sóisialta ar leibhéal náisiúnta. Tháinig plé as, ar leibhéal Eorpach, faoi go dtí cén leibhéal ar cheart do na comhpháirtithe sóisialta a bheith bainteach i rialachas maicreacnamaíoch Eorpach agus go dtí cén mhéid ar cheart forbairtí (margála) pá náisiúnta — príomhcheist maidir le córais náisiúnta caidrimh thionsclaíoch — a ardú ag leibhéal AE.

Pléadh gnéithe áirithe maidir le córais náisiúnta socraithe pá i roinnt moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith agus dá bhrí sin rinneadh trácht ar phríomh-chomhchuid den chaidreamh tionsclaíoch náisiúnta. Ba í an sprioc go léireofaí an gá atá le níos mó solúbthachta i gcoigeartú pá i dtíortha ina bhfuil neamhchothroime mhór inmheánach nó sheachtrach, agus mar sin

tacaíocht a thabhairt do phróisis um choigeartú. Breathnaíodh ar dhílárú cómhargála mar bheart chun pánna a ailíniú tuilleadh le táirgiúlacht ar leibhéal áitiúil agus gnólachta.

I mBallstáit ina bhfaightear tacaíocht do chobhsaíocht airgeadais, i ngeall ar an ngá le hathchóirithe a chur i bhfeidhm go gasta (lena náirítear athruithe ar chórais socraithe pá) chun an staid fhioscach agus eacnamaíoch a chobhsú ní raibh mórán scóipe nó ama fágtha chun comhairle a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus/nó d'fhorbairt chomhdhearcaidh. Lean an Coimisiún de bhéim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an idirphlé sóisialta agus le meas a léiriú ar chúinsí agus ar chleachtais náisiúnta. Mar sin féin, i ngeall ar chás na géarchéime mar aon le traidisiúin caidrimh thionsclaíoch áirithe bhí an timpeallacht don idirphlé sóisialta neamhfhabhrach, ag méadú na coimhlinte idir na comhpháirtithe sóisialta agus idir ceardchumainn agus údaráis phoiblí. Dá bhrí sin, rinneadh príomhábhar plé de cháilíocht an idirphlé shóisialta. Tá an chuma air go gcuireann an aird le déanaí ar dhiminsean sóisialta AEA, ar an mbéim ar an ngá le hidirphlé sóisialta comhoibríoch a atosú ar leibhéal AE agus náisiúnta, ionchais úra ar fáil don chaidreamh tionsclaíoch faoin AEA. Thacaigh an bhéim athnuaite ar ról déach na bhforbairtí pá leis sin, ní mar fhachtóir iomaíochais amháin, ach i dtacaíocht a thabhairt d'éileamh agus éagothroime a laghdú, go háirithe i dtreo bhun an dáileacháin ioncaim.

Cé gur tugadh buarthaí chun cinn le dhá bhliain anuas maidir le staid an chaidrimh thionsclaíoch san Eoraip, tugann an fhianaise ar Bhallstáit AE is rathúla le fios go gcuireann idirphlé sóisialta dea-struchtúrtha le déileáil leis na hathruithe socheacnamaíocha casta a theastaíonn i ngeilleagar nua-aimseartha. Mar a bhí sna blianta roimhe seo, tá an fíorasc gan athbhrí: tá na tíortha ina bhfuil institiúidí láidre idirphlé shóisialta i measc na ngeilleagar is fearr a fheidhmíonn agus is iomaíche in AE, le staid shóisialta níos fearr agus níos athléimní ná an chuid is mó. Léiríonn na samplaí sin inmharthanacht "bealach ardluais" chuig an iomaíochas idirnáisiúnta a rialaíonn féidearthacht réitigh fadhbanna an idirphlé shóisialta. Ní amháin go bhfuil straitéis dá leithéid bunaithe ar an gcostas saothair ach tá sé bunaithe fosta ar fhachtóirí neamhphá san iomaíochas, amhail cáilíocht agus iontaofacht earraí agus seirbhísí agus lucht oibre atá traenáilte agus oilte. Tá samplaí nithiúla sa tuarascáil reatha maidir leis an méid a chuir na comhpháirtithe sóisialta leis an dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch, amhail a niarrachtaí leis na hardleibhéil dho-ghlactha dífhostaíochta i measc na nóg a shárú. Athdhearbhaíonn sé sin an tábhacht a bhaineann leis an idirphlé sóisialta mar chloch coirnéil shamhail shóisialta na hEorpa agus le geilleagar margaidh shóisialta iomaíoch.

Baintear de thátal sa Chaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014 gurb é an dúshlán an meascán ceart leanúnachais agus athraithe i gcórais caidrimh thionsclaíoch a fháil chun comhthéacs an AEA a oiriúnú de réir saol domhandaithe atá ag athrú go gasta. Ní mór eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta agus struchtúir idirphlé shóisialta i dtíortha ina bhfuil institiúidí laga caidrimh thionsclaíoch a neartú agus a gcumas na hathruithe riachtanacha a réamh-mheas a mhéadú. Tá gá mar sin le hanailís leanúnach a dhéanamh ar theacht chun cinn na gcóras náisiúnta caidrimh thionsclaíoch, mar a dhéantar é tríd an tuarascáil reatha.

Agus an chéim is measa den ghéarchéim thart, agus an Eoraip ag rianú cúrsa ar ais go dtí an fás, is féidir éifeacht na géarchéime ar an gcaidreamh tionsclaíoch go dtí seo a mheasúnú i gcomhthéacs AEA fabhraithe na hEorpa. Is é sin an tasc atá leagtha amach ag an gCaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014 dó féin. Soláthraítear forbhreathnú i gCaibidil 1 ar na príomhthreochtaí cainníochtúla i dtáscairí an chaidrimh thionsclaíoch ar fud AE. Áirítear tuairisc chun dáta ann maidir le dhá cheist thráthúla a tuairiscíodh i dtuarascáil 2012: forbairtí ar an idirphlé sóisialta le déanaí i mBallstáit na hEorpa Láir agus Oirthear na hEorpa agus treochtaí san earnáil phoiblí. I gCaibidil 2, pléitear na hinstitiúidí socraithe pá go mion, cuid díobh a bunathraíodh chun feabhais le deich mbliana anuas. Tugtar roinnt bunfhianaise eimpíreach chun suntais sa chaibidil chomh maith maidir le forbairtí le déanaí ar an bpá comhchoiteann agus táirgiúlacht. Dírítear i gcaibidil 3 ar chórais caidrimh thionsclaíoch na gcúig thír ina bhfuarthas cineál éigin tacaíochta do chobhsaíocht airgeadais — an Chipir, Éire, an Ghréig, an Phortaingéil agus an Spáinn — agus déantar mionscrúdú ann ar an idirghníomhú idir na srianta seachtracha agus inmheánacha i mór-bhunathrú chun feabhais an idirphlé shóisialta i ngach tír. Déantar anailís i gCaibidil 4 maidir leis na dúshláin atá os comhair na gcomhpháirtithe sóisialta agus iad ag iarraidh dul i ngleic le dífhostaíocht i measc na nóg, ag tabhairt chun suntais na príomhstaideanna beartais, an beart agus na tionscnaimh ar thug na comhpháirtithe sóisialta fúthu ar leibhéal náisiúnta agus AE. Cuirtear críoch leis an tuarascáil le hachoimre ar na forbairtí agus na freagairtí san idirphlé sóisialta ar leibhéal Eorpach (Caibidil 5) agus cur síos ar na príomhfhorbairtí i ndlí saothair na hEorpa (Caibidil 6). Tá na chéad cheithre chaibidil bunaithe ar dhréachtaí a rinne scríbhneoirí seachtracha. Ba iad seirbhísí an Choimisiúin a scríobh an dá chaibidil dheireanacha.

## Caibidil 1 — Forbairtí sa chaidreamh tionsclaíoch Eorpach

Déantar imscrúdú sa chaibidil seo ar na príomhdhúshláin sna gníomhairí agus próisis caidrimh thionsclaíoch roimh an ngéarchéim agus i ndiaidh na géarchéime. Go sonrach, déantar iarracht inti a mhéad is atá na forbairtí le déanaí ag leanúint treochtaí fadtéarmacha, nó an raibh siad spreagtha nó brostaithe ag an ngéarchéim a shonrú.

Ar an iomlán, tá struchtúr agus comhdhéanamh na gcomhpháirtithe sóisialta measartha seasta le cúpla bliain anuas,

ach is forbairt iontach ann féin é sin. I bhformhór na dtíortha, tháinig moill shuntasach ar an treocht fadtéarmach maidir le déine an aontais a bhí ag meath go seasta i mblianta tosaigh na géarchéime de réir mar a tháinig laghdú ar fhostaíocht agus ar bhallraíocht ceardchumainn araon sna céatadáin chéanna, a bheag nó a mhór. Níl féidir a rá cibé acu an leanfar den fhorbairt seo de réir mar a bheidh an fhostaíocht ag téarnamh. Leanadh den chobhsaíocht fhadtéarmach i ndéine eagraíochtaí na bhfostóirí.

I gcontrárthacht leis sin, tharla athruithe móra sna próisis um chaidreamh tionsclaíoch i mblianta na géarchéime. Rinneadh struchtúir chómhargála a dhílárú tuilleadh agus thit an cumhdach cómhargála i gcuid mhór tíortha — ag titim i roinnt tíortha san Eoraip theas go leibhéil gan fasach.

Bhí an dílárú agus an meath sa chumhdach margála ina dtreochtaí a bhí le feiceáil go soiléir roimh an ngéarchéim fiú. Tá siad ina gcuid d'athruithe fadtéarmacha níos leithne i sochaí agus i ngeilleagair, agus is é nádúr na hiomaíochta atá ag éirí níos domhandaithe an príomhcheann ina measc. An rud atá athraithe ó bhí an ghéarchéim ann ná luas agus méid na nathruithe a tharla. Tá dhá phríomhchúis leis sin. Ar an gcéad dul síos, i ngeall ar dhianrialacháin agus cleachtais a bhí ag athrú bhí sé ag éirí níos deacra comhaontuithe comhchoiteanna a shíneadh chuig cion níos leithne fostaithe. Ar an dara dul síos, rinne éifeachtaí na rialachán úr i roinnt tíortha maidir le leanúint (neamhleanúint) na gcomhaontuithe comhchoiteanna nuair a d'éag siad, mar aon leis an neamhchinnteacht eacnamaíoch, an cumhdach cómhargála a laghdú trí mhoilleanna ar idirbheartaíocht a raibh sáinneacha gan réiteach mar thoradh orthu. Lena chois sin, tugann clásail úra i gcórais chómhargála deiseanna i gcónaí chun tarraingt as na comhaontuithe comhchoiteanna ardleibhéil, ag luathú an treochta i dtreo díláraithe.

Áitítear sa chaibidil seo gurbh fhreagrachtaí iad na hathruithe sin d'fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha araon. Rinne roinnt gníomhairí náisiúnta tionscnaimh a oiriúnaíodh de réir chomhthéacs socheacnamaíoch a bhí ag athrú. Sa chás go raibh deacracht leis an idirphlé idir na comhpháirtithe sóisialta, bhí brú seachtrach ann a thug ar rialtais gníomhú mar fhreagairt do na moltaí ón gCoimisiún, ón gComhairle Eorpach agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. I dtíortha ina raibh clár um chúnamh airgeadais, rinne na húdaráis náisiúnta idirbheartaíocht leis an gCoimisiún Eorpach, leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le hathchóirithe struchtúracha a bhí le cur i bhfeidhm, lena náirítear sna margaí saothair, mar chuid de shraith chuimsitheach beart chun an geilleagar a athchothromú agus an acmhainneacht fáis a mhéadú. Ní raibh a lán de ghnéithe na mbeartas a cuimsíodh sna coinníollacha le haghaidh cúnamh airgeadais, lena n-áirítear córais caidrimh thionsclaíoch, leagtha amach go mion ach fágadh iad faoi rogha na dtíortha a raibh cúnamh airgeadais á fháil acu.

Agus an tathrú inmheánach á mhíniú ag an mbunathrú fadtéarmach chun feabhais ar chórais náisiúnta caidrimh thionsclaíoch, míníonn na brúnna seachtracha na hathruithe móra le déanaí a shonraíonn aistriú suntasach ó threochtaí san am a chuaigh thart. Mar sin féin, níl ceachtar díobh neamhspleách ón gceann eile, os rud é gur freagrachtaí d'athruithe agus do threochtaí sa chóras eacnamaíoch idirnáisiúnta agus sa tsochaí an dá cheann díobh. Ina theannta sin, múnlaíonn gaol stádais agus fachtóirí institiúideacha an caidreamh idir an dá leibhéal. Cé gur tháinig athrú ar an gcaidreamh tionsclaíoch ar fud AE, bhí scála agus luas an athraithe an-éagsúil idir na Ballstáit, go háirithe i ndiaidh 2008.

## Caibidil 2 — Fabhrú na géarchéime - forbairt i gcórais mhargála pá

Tá an chómhargáil ina heochairghné i gcórais caidrimh thionsclaíoch, mar phríomhuirlis a úsáideann fostóirí agus ceardchumainn chun an caidreamh fostaíochta a chomhrialú. Cosnaíonn an chómhargáil oibrithe trí íoschaighdeáin chuimsitheacha a leagan síos dóibh agus trí shainphribhléid bainisteoirí a theorannú chun cinneadh aontaobhach a dhéanamh maidir le tascanna na bhfostaithe agus eagrú na hoibre. Is dóigh úsáideach í an chómhargáil d'fhostóirí maidir le costais idirbheart a choigilt trí chaighdeáin aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm ar an lucht oibre, agus maidir le coimhlint thionsclaíoch a laghdú. Laghdaíonn margáil ilfhostóirí an scóip le haghaidh iomaíochta ar chostais saothair, rud a d'fhéadfadh a bheith luachmhar nuair a chumhdaíonn margáil na príomhiomaitheoirí baile ar fad in earnáil faoi leith, go háirithe iad siúd a bhfuil a nochtadh d'iomaíocht dhomhanda teoranta.

Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an iomaíocht éirithe níos domhandaithe, níl margáil náisiúnta ilfhostóirí faoi phá chomh ábalta cosaint i gcoinne na hiomaíochta ar chostais saothair. Idir oibrithe agus fostóirí, is príomhfhachtóir é an mhargáil sa choimhlint faoin dóigh leis an mbreisluach a tháirgeann gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dháileadh. Maidir le hoibrithe aonair, tugann margáil faoi phá méid áirithe cosanta i gcoinne luaineachta sa mhargadh saothair, agus is bealach é d'oibrithe i dteannta a chéile chun dlúthpháirtíocht le hoibrithe eile sa bhrainse céanna a chur in iúl trí íosráta ríofa a shocrú a bhaineann le grúpaí éagsúla oibrithe a mbíonn a leibhéil táirgiúlachta éagsúil. Toisc go gcoinníonn sé na leibhéil phá os cionn an leibhéil a bheadh i réim gan chomh-idirghabháil, áfach, spreagann sé deighilt na margaí saothair, toisc go bhféadfadh fostóirí dul i muinín foirmeacha eile fostaíochta nach bhfuil clúdaithe faoi na coinníollacha a comhaontaíodh.

Déantar scrúdú sa chaibidil seo ar na hinstitiúidí éagsúla socraithe pá in AE agus déantar anailís inti ar an ndearnadh nó nach ndearnadh bunathrú suntasach chun feabhais ar bith ar

an gcómhargáil faoi phá le deich mbliana anuas. Mar a leagadh béim air i gcaibidil 1, luathaigh an ghéarchéim eacnamaíoch an treocht fadtéarmach maidir le hinstitiúidí margála faoi phá a dhílárú, go háirithe trí níos mó maolaithe ar chaighdeáin earnála a cheadú i gcomhaontuithe íseal-leibhéil. Mar sin féin, cé go bhfuil na patrúin náisiúnta éagsúil, tá dílárú leabaithe fós i gcórais chómhargála chomhordaithe ina lán cásanna. I gcomhthéacs na margála díláraithe, cuireann comhordú ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta breathnú ar chuspóirí maicreacnamaíocha agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr forbairtí pá. Tugtar forbhreathnú sa chaibidil seo ar thionscnaimh chun margáil faoi phá a chomhordú ar fud na dteorainneacha náisiúnta.

Tá méadú tagtha ar idirghabháil rialtais in institiúidí cómhargála le blianta beaga anuas, de réir mar a d'éirigh coigeartuithe sa mhargadh saothair agus i bpatrúin phá níos tábhachtaí i gcomhthéacs geilleagar idirnáisiúnaithe agus go háirithe i gcomhthéacs AEA. D'imir rialtais an príomhról maidir le hathruithe ar mheicníochtaí socraithe pá a mhúnlú, mar chuid d'athchóirithe níos leithne ar bheartas eacnamaíoch agus ar institiúidí margaí saothair mar fhreagairt don ghéarchéim agus d'athrú eacnamaíoch domhanda. Bhí ról i bhfad níos lú ag cinntí uathrialaitheacha déphàirteacha a rinne na comhpháirtithe sóisialta. Cé gur moladh athchóirithe ar institiúidí socraithe pá trí uirlisí beartais AE amhail moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith chomh maith, ba iad na rialtais náisiúnta a bhrúigh an bunathrú chun feabhais ar aghaidh (seachas eisceacht shuntasach na dtíortha a raibh tacaíocht do chobhsaíocht airgeadais á fáil acu, sa chás go ndearna údaráis tiomantais maidir le hathchóiriú faoi chlár AE/CAI; féach caibidil 3). Ní aontas ar bith é sin, ag cur san áireamh go bhfuil cumhachtaí AE i gcúrsaí margaí saothair teoranta agus tá meas d'éagsúlacht na gcóras náisiúnta caidrimh thionsclaíoch cumhdaithe sa Chonradh ar Fheidhmiú ar AE.

Feictear sa chaibidil seo go raibh iarmhairt fhollasach ag an ngéarchéim eacnamaíoch ar an bhfíorphá comhchoiteann. I bhformhór na gcásanna, bhí moill shuntasach ar threochtaí fíorphá agus bhíodh na treochtaí diúltach amanna. Ní raibh ach dornán cásanna ann a choinnigh ráta suntasach fáis nó luathaithe. Is i dtíortha oirthear agus láir na hEorpa a bhí an méadú is mó ar an bpá comhchoiteann, sa chás go bhféadfadh próiseas um beir suas le "pánna Eorpacha" bheith i bhfeidhm, ach tá difríochtaí móra fós ann. Léirítear sa chaibidil seo fosta go raibh comhghaol ard idir fás ar phánna comhchoiteanna agus treochtaí táirgiúlachta sa tréimhse roimh an ngéarchéim, cé go raibh na méaduithe ar fhíorphánna faoi bhun na ngnóthachan táirgiúlachta go minic. I gcontrárthacht leis sin, ar na mallaibh, sháraigh an fás ar fhíorphánna comhchoiteanna na méaduithe táirgiúlachta go minic, mar thoradh i bpáirt ar bhoilsciú íseal gan choinne nár cuireadh san áireamh sa chómhargáil. Mar thoradh air sin, tríd an gcómhargáil bhíothas ábalta ioncaim fostaithe a chosaint go dtí méid áirithe trí iarmhairt na géarchéime ar leibhéil phánna a choinneáil faoi smacht. Léirítear i roinnt torthaí taighde gur chuir an ghéarchéim brú suntasach ar phánna, agus srian ar phánna ag cur go mór le héagothroime mhaicreacnamaíoch a shásamh agus iomaíochas a thabhairt ar ais.

## Caibidil 3 — Caidreamh tionsclaíoch i mBallstáit a raibh tacaíocht do chobhsaíocht airgeadais á fáil acu

Ag tosú in 2010, bhí dian-ghéarchéim fiachais agus fioscach sa Ghréig ar dtús agus in Éirinn ansin. In 2011, leathaigh an ghéarchéim fiachais go dtí an Phortaingéil, agus fuarthas i gcion ar earnálacha airgeadais na Spáinne agus na Cipire i rith 2012. Cé go raibh fás eacnamaíoch lag agus dífhostaíocht mhéadaithe sna tíortha sin ar fad, bhí géarchéim bhaincéireachta ag tarlú in Éirinn, sa Spáinn agus sa Chipir chomh maith. Chun dul i ngleic leis na géardhúsláin sin, chuir na cúig thír ar fad athchóirithe struchtúracha forleathana agus cláir um chomhdhlúthú fioscach i bhfeidhm. An réasúnaíocht taobh thiar de ná trí shrian a chur ar na foinsí fiachais agus easnaimh, agus mar sin cobhsaíocht a thabhairt ar ais san earnáil bhaincéireachta agus i muinín an mhargaidh cruthaítear dálaí chun fás a thabhairt ar ais agus poist a chruthú.

Sa Chipir, sa Ghréig, in Éirinn agus sa Phortaingéil níorbh acmhainn do na rialtais na margaí bannaí agus bhí orthu iasachtaí a iarraidh chun a n-earnáil phoiblí a mhaoiniú agus a n-institiúidí airgeadais a athchaipitliú. Mar choinníoll leis na hiasachtaí, thug rialtais náisiúnta gealltanais oifigiúla d'iasachtóirí idirnáisiúnta, arna nionadú ag an gCoimisiún Eorpach, ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, go gcuirfeadh siad athchóirithe beartais i gcrích. Fuair an Spáinn cineál sainiúil cúnamh airgeadais sealadach ón Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) chun a hearnáil airgeadais a dheisiú, agus rinne an Coimisiún Eorpach monatóireacht ar athchóirithe an rialtais.

Sula raibh an ghéarchéim ann, bhí córas cómhargála measartha seasta ag na cúig thír lena mbaineann, ar an leibhéal lárnach nó ar an leibhéal earnála, ach amháin an Chipir. Bhí comhaontuithe sóisialta trípháirteacha ina bpríomh-shaintréith maidir le hathchóiriú caidrimh thionsclaíoch iontu ar fad ach amháin an Ghréig, roimh ghéarchéim Limistéar an Euro. Mar sin féin, ar chúiseanna éagsúla, níor éirigh le tír ar bith as na cúig cinn an gá le cumas coigeartaithe méadaithe a inmheánú agus oiriúnú dó i gcomhthéacs AEA agus caillteanas sholúbthacht an ráta malairte. In ainneoin iarrachtaí pánna a dhlúth-ailíniú le táirgiúlacht agus na margaí saothair a dhéanamh níos solúbtha tharla maolú sna rátaí malairte iarbhír agus dibhéirseacht a bhí ag dul i méid sa chuntas caipitil agus reatha sna tíortha sin ar fad.

Tugadh athruithe forleathana isteach sna cláir athchóirithe arna spreagadh ag an ngéarchéim i mórán réimsí chun an acmhainneacht um fhás agus poist a athbhunú agus cothroime a threisiú. Breathnaíodh ar an gcóras caidrimh thionsclaíoch féin, nó ar chuid dá ghnéithe ar a laghad, mar chuid den fhadhb a rabhthas le dul i ngleic léi mar fhreagairt don ghéarchéim. Ceapadh iomaíochas praghais a ghnóthú a bheith riachtanach maidir le téarnamh inmharthana an gheilleagair agus fostaíochta. Fuarthas i gcion go mór ar na hinstitiúidí náisiúnta caidrimh thionsclaíoch: bhí cómhargáil earnála, meicníochtaí comhoibrithe trípháirteacha, institiúidí socraithe pá agus rialacha lena rialaítear coimhlint thionsclaíoch ar fad faoi réir athchóirithe. Sa Mheabhrán Tuisceana a comhaontaíodh idir rialtais na Gréige, na hÉireann, na Portaingéile agus na Cipire agus AE/CAI tagraíonn siad go léir don ghá follasach atá le comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na cláir náisiúnta athchóirithe a chur i bhfeidhm agus tagraíonn cuid díobh do chomhaontuithe trípháirteacha. Mar sin féin, fiú má chuir an Coimisiún Eorpach béim leanúnach ar an tábhacht a bhaineann leis an idirphlé sóisialta agus le meas a léiriú ar chúinsí agus ar chleachtais náisiúnta, ba é an toradh praiticiúil ná timpeallacht neamhfhabhrach don idirphlé sóisialta, ag méadú na coimhlinte idir na comhpháirtithe sóisialta agus idir ceardchumainn agus údaráis phoiblí. Léiríodh é sin trí ghearáin chuig an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus Comhairle na hEorpa agus trí mheasúnú an-cháinteach Pharlaimint na hEorpa maidir le meas a léiriú ar chearta sóisialta faoi chláir AE/CAI.

Is í an réasúnaíocht leis an athchóiriú tuilleadh scóipe a thabhairt do ghnólachtaí chun coigeartú d'athruithe ar dhálaí eacnamaíocha, a chumasóidh ailíniú níos fearr idir pánna agus táirgiúlacht (leibhéal gnólachta), a neartóidh iomaíochas praghsanna agus a chuirfidh ath-leithroinnt saothair chun cinn dá bhrí sin. I ngníomh, chiallaigh sé sin aistriú chuig margáil díláraithe, ar leibhéal cuideachta. Níl comhairlí oibre bunaithe nó córais idirbheartaíochta chuimsitheacha ar leibhéal cuideachta ar bith i gceann ar bith de na tíortha sin, áfach, agus mar sin, i ngníomh, lagaíodh na córais chómhargála go minic de bharr dílárú pánna, sa ghearrthéarmach ar a laghad. Léirítear an éifeacht sin sa mheath géar sa chumhdach cómhargála sna tíortha ar a ndearnadh staidéar idir 2008 agus 2013 (féach caibidil 1).

Ní mór dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar na nathruithe rialála ar leibhéil phá agus iomaíochas sna tíortha a bhfuil anailís á déanamh orthu. Mura ndéantar struchtúir an idirphlé shóisialta a choigeartú chun margáil díláraithe a chomhcheangal le meicníochtaí comhordaithe dóthanacha ar leibhéil níos airde, tá an baol ann go néireoidh rialachán an mhargaidh shaothair trí idirphlé sóisialta agus rialachas tírpháirteach an-lag ar fad, agus go dtiocfaidh an idirghabháil reachtach iomarcach i socrú pá ar ais, arbh é sin saintréith luath-thréimhse na tionsclaíochta. D'fhéadfadh sé sin an acmhainneacht d'institiúidí margaí saothair chun coimhlint a eadránú, ioncam a scaipeadh, agus comhaontais a fhorbairt i measc grúpaí sainleasa a laghdú.

Thar athruithe ar na meicníochtaí socraithe pá, rinne na rialtais sna tíortha ar a ndearnadh staidéar raon leathan athchóirithe margadh saothair mar fhreagairt don ghéarchéim. Bhain siad siúd leis an íosphá a laghdú, an reachtaíocht um chosaint fostaíochta a mhaolú agus pánna agus poist san earnáil phoiblí a chiorrú (nó a chalcadh (féach Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014, an Coimisiún Eorpach 2013). I dtíortha a raibh cúnamh airgeadais á fháil acu, bhrúigh an Coimisiún agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile le haghaidh idirphlé sóisialta maidir leis na príomhroghanna beartais a bhí os a gcomhair. Is iad na tíortha féin atá freagrach ar deireadh as na comhpháirtithe sóisialta a bheith páirteach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm na n-athchóirithe. Níor éirigh leis sin i gcónaí, ná ní fhéadtar é a dhéanamh i gcónaí: tugadh tús áite go minic do bhearta práinneacha a achtú a raibh sé d'aidhm leo an tiomaíochas agus fás a athbhunú, chomh maith leis na margaí airgeadais a chobhsú thar chomhdhearcadh a aimsiú leis na comhpháirtithe sóisialta.

Bhí an easpa mhinice d'idirphlé sóisialta éifeachtúil imithe ón traidisiún de chomhaontuithe sóisialta agus de chomhoibriú trípháirteach idir an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta. Seachas an Phortaingéil, maidir le hathchóirithe ar an margadh saothair, agus Éire, maidir le hathruithe ar an earnáil phoiblí, tá an chuma air dá bhrí sin go ndearnadh na hinstitiúidí a bhí ann cheana le haghaidh comhairliúchán trípháirteach lag leis an ngéarchéim. Mar thoradh air sin, tá méadú suntasach tagtha ar ról ghníomh (aontaobhach) an stáit sa chaidreamh tionsclaíoch ó bhí 2010 ann, agus bhí baint nach raibh chomh ceannasach ag an idirphlé sóisialta i ndearadh na nathchóirithe struchtúracha agus na bpleananna um chomhdhlúthú fioscach ná a bhí aige sa chéad chéim den ghéarchéim in 2008 agus 2009 (féach Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2014, an Coimisiún Eorpach 2011).

De réir mar atá tíortha ag teacht amach go mall as an ngéarchéim, thosaigh roinnt rialtas ar na mallaibh ag díriú isteach arís ar na hinstitiúidí um idirphlé sóisialta agus comhordú trípháirteach chun comhdhearcadh leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na dúshláin margadh saothair is práinní a chur chun cinn agus chun cobhsaíocht agus síocháin a chur chun cinn. Mar shampla, chuir an Ghréig an chomhairle fostaíochta agus an chomhairle um chosaint shóisialta, ar comhairlí trípháirteacha an dá cheann díobh, i ngníomh arís. Cuirtear údarú um dhífhostú sa Ghréig ar aghaidh chuig an ardchomhairle saothair thrípháirteach i gcomhair tuairime. Tá iarrachtaí déanta ag Rialtas na Portaingéile maidir le buanchinéal cumarsáide a choinneáil leis na comhpháirtithe sóisialta agus bhunaigh sé Lárionad trípháirteach le haghaidh Caidreamh Oibreachais. Sa Chipir, chuir comhpháirtithe trípháirteacha béim ar ról tábhachtach an Bhoird Chomhairligh Saothair. Is léir, áfach, go bhfuil athrú bunúsach tagtha ar chórais caidrimh thionsclaíoch sna cúig thír sin leis an ngéarchéim. Ag cur san áireamh, áfach, go gceaptar go bhfuil an t-idirphlé sóisialta fíorthábhachtach fós chun dul

i ngleic le dúshláin maidir leis an margadh saothair, socrú pá agus ceisteanna iomaíochais, feicimid linn amach anseo cibé acu an neartófar struchtúir chómhargála na dtíortha, nó ar lagaíodh iad san fhadtéarma. D'fhéadfadh an freagra ar an gceist seo bheith an-éagsúil ó thír go tír.

## Caibidil 4 — Caidreamh tionsclaíoch agus fostaíocht i measc na nóg

Tá fostaíocht daoine óga agus na fadhbanna atá le sárú ag daoine óga agus an taistriú ó oideachas go dtí an margadh saothair á dhéanamh acu ar chuid de na saincheisteanna beartais shóisialta is práinní dár linn agus ceann ag a mbeidh éifeacht leanúnach le haghaidh na nglúinte mura ndéanfar rud éigin faoi. Tá sé mar aidhm sa chaibidil seo staid reatha an mhargaidh shaothair i gcoibhneas ráta fostaíochta agus ráta dífhostaíochta daoine óga a léiriú. Go sonrach, déantar scrúdú inti ar na dúshláin atá le sárú ag na comhpháirtithe sóisialta agus iarracht á déanamh acu feabhas a chur ar an margadh saothair do dhaoine óga. Tá sé mar aidhm inti fosta na príomhstaideanna beartais, na príomhghníomhartha agus na príomhthioncsnaimh ar thug na comhpháirtithe sóisialta fúthu a leagan amach.

Cé gur fadhb struchtúrach don Aontas Eorpach is ea dífhostaíocht i measc na nóg, is léir gur dianaíodh staid dífhostaíochta a bhí deacair cheana do dhaoine óga leis an ngéarchéim. De réir fíoracha ó Eurostat, a bhaineann le mí na Nollag 2014, ba ionann an ráta dífhostaíochta i measc daoine faoi bhun 25 bliain d'aois sna 28 tír de chuid AE agus 21.4 %, níos mó ná dhá oiread an 9.9 % a taifeadadh don phobal oibrithe ina iomláine. Tá dífhostaíocht i measc na n-óg an-ard i dtíortha amhail an Spáinn (51.4 %), an Ghréig (50.6 % i nDeireadh Fómhair 2014), an Chróit (44.8 % sa cheathrú ráithe in 2014) agus an Iodáil (42.0 %). I gcontrárthacht leis sin, is ionann an ráta sa Ghearmáin agus 7.2 % agus 9.0 % faoi seach.

Cé gur féidir le lucht déanta beartas ar leibhéal AE creat a sholáthar inar féidir le geallsealbhóirí iarracht a dhéanamh beart maolaithe a dhéanamh, is féidir leis na comhpháirtithe sóisialta na struchtúir a úsáid faoina réir, amhail idirphlé sóisialta agus cómhargáil, chun iarracht a dhéanamh difear a dhéanamh. Go deimhin, tugadh an deis dóibh é sin a dhéanamh faoi Ráthaíocht d'Aos Óg, a spreagann cur chuige comhpháirtíochta maidir le cur i bhfeidhm náisiúnta. Tá a mhéad is a chuidíonn na comhpháirtithe sóisialta le forbairt na mbeartas agus a gcur i bhfeidhm éagsúil, áfach, agus tá sé deacair an tionchar a thomhas.

Rinne na comhpháirtithe sóisialta trasearnála agus earnála ar leibhéal AE comhaontuithe agus moltaí dá mball-chomhaidhmeanna agus do gheallsealbhóirí eile agus rinne siad díospóireacht a spreagadh agus dea-chleachtas a thaispeáint. Áirítear leis sin creat gníomhaíochtaí chomhpháirtithe sóisialta trastionscail an Aontais Eorpaigh maidir le fostaíocht i measc na nóg, a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2013.

Braitheann rochtain agus tionchar beart ar leibhéal AE ar an leibhéal náisiúnta agus a mhéad is féidir leo idirphlé agus cómhargáil a chothú sna Ballstáit ar neart thraidisiúin an idirphlé shóisialta agus na cómhargála, ar an gcaidreamh idir na comhpháirtithe sóisialta agus, go tábhachtach, ar a mhéad is atá tacaíocht agus maoiniú stáit ar fáil. Is dóigh go bhfuil sé róluath go fóill a mheas an raibh gníomhaíochtaí nó tionscnaimh ar bith de chuid na gcomhpháirtithe sóisialta ábalta difear a dhéanamh, go háirithe ós rud é go bhfuil titim chun deiridh aitheanta idir forbairtí eacnamaíocha agus forbairtí an mhargaidh shaothair. Mar sin féin, thosaigh laghdú ag teacht ar ráta foriomlán na dífhostaíochta i measc na nóg sa ráithe dheiridh in 2013. Ar ndóigh, is deacair a rá ar chuir gníomh spriocdhírithe leis an laghdú sin, nó ar tharla sé de bharr an téarnaimh eacnamaíoch atá le feiceáil anois i roinnt Ballstát.

Níl réiteach furasta ar bith ar an bhfadhb chasta um dhífhostaíocht i measc na nóg, comhdhéanta mar atá sé de mhórán saincheisteanna comhshnaidhmeacha lena dteastaíonn gníomh comhordaithe ó chineálacha éagsúla geallsealbhóirí, amhail soláthraithe oideachais, eagraíochtaí gairmoiliúna, iad siúd atá bainteach in éilimh scileanna a chur in oiriúint an tsoláthair, agus lucht déanta beartas um margadh saothair. Dá bhrí sin, thar an ngníomh is féidir leis na comhpháirtithe sóisialta a dhéanamh trí ghníomh aonair nó déphháirteach a dhéanamh, tá ról lárnach le himirt acu fosta ar gach leibhéal maidir le dul i ngleic leis an dúshlán um fhostaíocht i measc na nóg i gcomhair le réimse leathan geallsealbhóirí.

## Caibidil 5 — Forbairtí ar idirphlé sóisialta na hEorpa 2012-14

Tugtar forbhreathnú sa chaibidil seo ar fhorbairtí in idirphlé sóisialta na hEorpa ó Mheán Fómhair 2012 go mí na Nollag 2014, agus cuirtear béim inti ar thorthaí an chaidrimh thionsclaíoch ar leibhéal AE.

Le blianta beaga anuas, rinneadh idirphlé sóisialta na hEorpa i gcomhthéacs socheacnamaíoch dúshlánach: ó bhí 2008 ann, tá géarchéim san Eoraip, lena mbaineann dífhostaíocht ard, éagothromaíochtaí atá ag méadú idir na Ballstáit, agus mórábhar is cúram faoin gcomhtháthú sóisialta. Mar a léiríodh sa Chaidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2012 (An Coimisiún Eorpach 2013), cuireadh na córais náisiúnta caidrimh thionsclaíoch faoi dhianstrus, sa dara céim den ghéarchéim go háirithe. Anuas air sin, tá i bhfad níos lú muiníne sa phróiseas um chomhtháthú Eorpach, go háirithe sna tíortha a bhfuil cúnamh á fháil acu. Ní mór breathnú ar na forbairtí in idirphlé sóisialta na hEorpa sa chomhthéacs sin.

Feictear an strus atá curtha ar an idirphlé sóisialta i roinnt Ballstát go soiléir ar leibhéal AE chomh maith. Tá an chuma air gur stop an líon comhaontuithe a d'eascair as idirphlé sóisialta earnála AE ag méadú, ar bhonn sealadach ar a laghad. Ina theannta sin, ardaíodh ceisteanna móra maidir le cur i bhfeidhm neamchothrom na gcomhaontuithe uathrialaitheacha ar leibhéal náisiúnta. Tá difríochtaí suntasacha fós idir na córais náisiúnta caidrimh thionsclaíoch, go háirithe sa chumhdach cómhargála, agus téann siad seo i bhfeidhm ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta comhaontuithe dá leithéidí a chur i bhfeidhm go heifeachtúil. Maidir leis an bpointe seo, léiríodh i gCaibidil 1 nach bhfuil cuma rómhaith ar na forbairtí le déanaí ar chórais náisiúnta caidrimh thionsclaíoch - go háirithe sna Ballstáit ina raibh siad measartha lag roimh an ngéarchéim fiú.

Mar sin féin, tá idirphlé sóisialta na hEorpa fós ag taispeáint comharthaí athléimneachta. Rinneadh bearta tábhachtacha chun comhbheartú sóisialta a neartú i bpróisis úra amhail an Seimeastar Eorpach. Chuaigh na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i ngleic leis an dúshlán um dhífhostaíocht i measc na n-óg ar leibhéal trastionscail agus rinne siad dul chun cinn seasta i gcomh-ghrinnanailís fostaíochta. Taispeánann cruthú dhá choiste úra um idirphlé sóisialta earnála, agus dul chun cinn seasta ar chéim thástála le haghaidh an tríú earnála, go bhfuil suim fós ag fostóirí agus ag ceardchumainn a bheith rannpháirteach ar leibhéal Eorpach. Trí chomhthuairimí agus trí chomhdhearbhuithe, lean an dá thaobh den tionscal ag cur ionchur agus saineolas luachmhar ar fáil i dtionscnaimh agus próisis bheartas an Choimisiúin ar leibhéal náisiúnta. Trí uirlisí agus trí chomhthionscadail, roinneann na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha saineolas agus dea-chleachtas chun acmhainn a fhorbairt ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta.

Tá uair na cinniúna buailte ar idirphlé sóisialta na hEorpa faoi láthair. Tugadh príomhfhorálacha an Chonartha maidir leis an idirphlé sóisialta isteach ag tráth ina raibh fostaíocht agus reachtaíocht shóisialta ina n-ionstraim thábhachtach i ngníomhaíocht AE a bhain leis na comhpháirtithe sóisialta. Tharla forbairtí éagsúla le deich mbliana anuas: Ar dtús, ó bhí 2000 ann, tá comhordú beartais éirithe níos tábhachtaí mar ionstraim i ngníomhaíocht AE maidir le beartas sóisialta. Spreag sé sin forbairtí úra in idirphlé sóisialta AE (ionchorpraithe sa Chonradh anois) chun comhbheartú idir institiúidí AE agus na comhpháirtithe sóisialta, amhail an Coiste Fostaíochta (EMCO), an Coiste um Chosaint Shóisialta agus, ar an leibhéal is airde, an Cruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach a chur chun cinn. An dara rud ná, tagraíonn tabhairt isteach le déanaí cineálacha úra rialachais mhaicreacnamaíoch tríd an Seimeastar Eorpach do na príomhcheisteanna um fhostaíocht agus beartas sóisialta, ag ardú ceisteanna faoin dóigh is fearr le comhpháirtithe sóisialta a mhealladh isteach sa phlé ar leibhéal AE. Ag forbairt ar an aistriú de réir a chéile i dtreo chomhbheartú tríphháirteach ar leibhéal AE, d'eascair comhdhearcadh maidir leis an ngá atá le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i rialachas an AE a neartú agus fóraim reatha an idirphlé shóisialta a neartú. Mar thoradh air sin, le dhá bhliain anuas chuir an Coimisiún tograí chun cinn maidir le ról na gcomhpháirtithe sóisialta i rialachas maicreacnamaíoch AE agus sa Seimeastar Eorpach a neartú, agus maidir leis an gCinneadh ón gComhairle ar an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach a leasú chun é a chur ar aon dul le hathruithe institiúideacha Chonradh Liospóin, go háirithe cruthú phost bhuan-Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

Is léir go bhfuil difear i dtuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail faoi na cúiseanna leis an ngéarchéim, na freagairtí beartais cuí ina leith, na cláir um chomhdhlúthú fioscach, an meascán beartas maicreacnamaíoch agus ábhar na nathchóirithe struchtúracha. Feictear tuairimí difriúla chomh maith, sa réimse rialála, a thaispeántar le cliseadh na gcomhpháirtithe sóisialta aontú ar leasú ar Threoir AE um Am Oibre agus a dtuairimí daingne freasúracha ar an ngá le tuilleadh rialála sóisialta ar leibhéal AE. Tá tagairt á déanamh níos mó agus níos mó ag fostóirí do dhúshláin iomaíochais agus don ghá atá lena gcostais saothair a laghdú, reachtaíocht um shaothar a shimpliú agus solúbhacht sheachtrach a mhéadú. Cuireann ceardchumainn béim ar ghnéithe costais neamhshaothair, ar an ról dearfach i bpánna san éileamh comhiomlán agus ar an ábharthacht maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na hoibre agus infheistíocht i scileanna. Léiríodh an dibhéirseacht sin i roinnt díospóireachtaí idir oibrithe, fostóirí agus údaráis phoiblí ar fud na hEorpa. Tháinig comhaontuithe i roinnt Ballstát as na díospóireachtaí sin, rud a chuir le hathchóirithe beartais a mhúnlú. I mBallstáit eile, agus ar leibhéal AE, áfach, bhí an treocht i dtreo coimhlintí agus teannais a bhí ag méadú.

In ainneoin na niarrachtaí ról na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, arna shainordú leis an gConradh, tá éifeacht shuntasach ag suaitheacht na géarchéime ar an gcaidreamh idir na comhpháirtithe sóisialta agus an Coimisiún, chomh maith le hinstitiúidí AE eile. Tá an chuma air go raibh an muinín fíorghann le déanaí, le roinnt ceisteanna conspóideacha ag cur le coimhlint i dtimpeallachtaí amhail an Cruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach. Áirítear air sin plé ar chláir um choigeartuithe maicreacnamaíocha, moltaí a bhain go sonrach le tír faoi leith, cur isteach líomhanta ar an gcómhargáil ar an leibhéal náisiúnta, fócas chlár oiriúnacht rialála an Choimisiúin, creat straitéiseach an Choimisiúin um shláinte agus um shábháilteacht, agus measúnú an Choimisiúin ar chomhaontuithe comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal AE sa chás gur iarr na sínitheoirí a gcur i bhfeidhm le treoracha na Comhairle.

Faoi chlár polaitiúil an Uachtaráin Juncker, lena fhócas ar an idirphlé sóisialta, chuir an Coimisiún tús le hobair ar an idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta a athlainseáil agus a neartú.

## Caibidil 6 — Athbhreithniú ar reachtaíocht saothair na hEorpa 2012–14

Cuirtear forbhreathnú cuimsitheach ar fáil sa chaibidil seo maidir le forbairt sa dlí saothair ar leibhéal AE le dhá bhliain anuas, lena náirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Tháinig na forbairtí sin i reachtaíocht saothair na hEorpa i gcoinne chúlra na géarchéime seo, rud a rinne an cás fostaíochta i bhfad níos measa agus a laghdaigh caighdeáin mhaireachtála agus oibre go háirithe i ndáil le catagóirí leochaileacha daoine. Mar fhreagairt air sin, agus ar aon dul le straitéis “Eoraip 2020” i gcomhair fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, lean an Coimisiún d’oibriú chun feabhas a chur ar cháilíocht post agus ar dhálaí oibre chomh maith le feidhmiú an mhargaidh shaothair.

I mí na Bealtaine 2014, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir maidir le Forfheidhmiú, a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar chosaint oibrithe ar phost agus cothroime iomaíochta a chinntiú sa mhargadh aonair.

In 2014 chomh maith, d’aontaigh an Chomhairle ar Threoir um am oibre d’oibrithe taistil in iompar uiscebhealaí intíre, lena bhfeidhmítear comhaontú féintionscnaimh trí reachtaíocht AE idir comhpháirtithe sóisialta na hEorpa agus an earnáil seo. Leagtar síos íosrialacha sa chomhaontú, a rinneadh in 2012, maidir le ham oibre le haghaidh longa paisinéirí nó lasta i loingseoireacht intíre ar fud AE.

I ndiaidh togra Coimisiúin, i mí an Mhárta 2014, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le Creat Cáilíochta d’Oiliúnaithe, ina ndírítear ar a chur ar chumas oiliúnaithe taithí oibre ardchaighdeáin a fháil faoi dhálaí sábháilte agus córa, agus ar a ndeiseanna post dea-cháilíochta a fháil a mhéadú. I mí Aibreáin 2014, ghlac an Coimisiún a thogra maidir le hArdán Eorpach a bhunú chun feabhas a chur ar chomhoibriú i gcosc agus bacadh obair neamhdhearbhaithe.

Sa réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus i ndiaidh measúnú ar an straitéis Eorpach sláinte agus sábháilteachta (2007-12) agus comhairliúchán poiblí, i mí an Mheithimh 2014, chuir an Coimisiún Creat Straitéiseach úr AE i láthair maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2014-20. Tá sé d’aidhm leis an gcreat feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na rialacha reatha sláinte agus sábháilteachta, feabhas a chur ar ghalair a bhaineann leis an obair a chosc, agus aosú lucht oibre AE a chur san áireamh.

Glacadh dhá threoir maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair: baineann an chéad cheann le híoscheanglais maidir le neamhchosaint oibrithe ar réimsí leictreamaighnéadacha agus sa dara ceann cumhdaítear ailíniú cúig Threoir sláinte agus sábháilteachta ceirde le Rialachán AE maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí. Lena chois sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh úr lena nailínítear feidhmiú an Choiste Eolaíochta um Theorainneacha Nochta Ceirde le rialacha an Choimisiúin ar shainghrúpaí.

Lean an Coimisiún ar aghaidh lena obair a bhí dírithe ar mheasúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhlí saothair reatha AE, ar aon dul leis an straitéis “Eoraip 2020” agus le prionsabail um rialú “cliste”. Go sonrach, thug sé an “tseiceáil oiriúnachta” ar thrí threoir maidir le faisnéis agus comhairliúchán chun críche agus fuair sé amach go bhfuil na treoracha sin oiriúnach don fheidhm, .i. go bhfuil siad ábhartha, éifeachtúil, soiléir agus éifeachtach. Tá obair á déanamh ar an athbhreithniú ar Threoir AE um Am Oibre, agus ar mheasúnuithe ex-post na dTreoracha maidir le hObair Téarma Shocraithe agus Obair Pháirtaimseartha agus ar an Treoir Ráiteas Scríofa. Tá measúnú cuimsitheach ar 24 treoir AE sa réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair faoi lánseol, agus táthar ag súil leis na torthaí ag deireadh na bliana 2015.

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith san AE) (*).

  (*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

KE-AV-14-001-GA-N

Tugann an tsraith maidir le Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip foramharc ar threochtaí agus ar fhorbairtí sna comhchaidrimh idir oibrithe, fostóirí agus a gcuid ionadaithe faoi seach san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an ghné thrípháirteach lena mbíonn baint ag údaráis phoiblí ar leibhéil éagsúla.

Déantar imscrúdú in eagrán 2014 ar an toradh a bhí ag an ngéarchéim fiachais eacnamaíoch agus cheannasaigh ó thaobh caidrimh thionsclaíoch agus comhphlé sóisialta. Áirítear leis anailísí mion ar fhorbairtí i gcórais margála faoi phá; caidreamh tionsclaíoch i mBallstáit a fhaigheann cúnamh airgeadais, mar aon le caidreamh tionsclaíoch agus fostaíocht i measc na n-óg. Ina theannta sin, tugtar nuashonrú maidir le forbairtí le déanaí i gcomhphlé sóisialta Eorpach agus i ndlí saothair.

Tá an Achoimre Fheidhmeach ar fáil ar líne i 24 leagan teanga.

Is féidir ár gcuid foilseachán a íoslódáil nó liostáil dóibh saor in aisce ag
**http://ec.europa.eu/social/publications**

Is féidir an nuacht is déanaí faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht a fháil go rialta ach liostáil don r-nuachtlitir 'Social Europe' saor in aisce ag
**http://ec.europa.eu/social/e-newsletter**

**https://www.facebook.com/socialeurope**

**https://twitter.com/EU_Social**

Oifig na bhFoilseachán